# Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse

21–27 EANÁIR 2024

## RANG A HAON AGUS A DÓ/P3 AGUS P4



<table>
<tr><th>An Creideamh Críostaí</th><th>Briathar Dé</th></tr>
<tr><td>

**Rúndiamhair Dé**

- Chuir Dia Íosa chugainn lena ghrá dúinn a léiriú agus le taispeáint dúinn conas an duine eile a ghrá
- Chuir Dia ár nAthair a Mhac Íosa chugainn leis an Soiscéal
- Beannaíonn na Críostaithe iad féin in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.
- Is é Dia an tAthair grámhar agus an cruthaitheoir (Gein 1:26-7).
- Is é Dia an mhaith (Salm116:1).
- Aithníonn agus gránn Dia muid (Salm139).
- Is é Dia mo chara.

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Léirigh Íosa a ghrá don Athair trí ghuí chun Dé, trína chuid ghníomhartha agus tríd an Soiscéal a chraobhscaoileadh.
- Bhí cairde go leor ag Íosa.
- Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta
- Is é beatha an pharóiste ná bheith aireach, comhbhách, urnaitheach lena chéile (*CCC*, 2179; *Revised Core Syllabus for Religious Education* [CSRE], 2a).
- Áit speisialta é an séipéal ina gcruinníonn pobal Dé lena chéile le guí a dhéanamh.
- Cabhraíonn ár muintir linn a bheith cairdiúil le hÍosa.
- Cabhraíonn an sagart/oide linn a bheith cairdiúil le hÍosa. (*Lumen Gentium* [*LG*], 10).
-

**Cruthú**

- Rinne Dia gach atá ann: an domhan, na daoine, na réaltaí, na héin, na hainmhithe, na plandaí, na crainn (Gein 1; LG, 2; *CCC*, 212, 290, 325; CSRE, 1b).
- Tugann Dia aire don uile rud a chruthaigh sé (Eag 8:1; *CCC*, 303).
- Tá gach ar chruthaigh Dia go maith (Gein 1:31; *CCC*, 299, 339; CSRE, 1b).

</td><td>

**An Scrioptúr Naofa**

- Eoin 13:34-35
- Eoin 11:1-44
- Eoin 4:5-30
- Lúcás 19:1-10
- Matha 26:17-30
- Lúcás 1:46-50
- 1 Corantaigh 12:12-26
- Eifisigh 1:4-5

</td></tr>
<tr><th>Liotúirge agus Guí</th><th>An Mhoráltacht Chríostaí</th></tr>
<tr><td>

**Guí**

- Iarrann Dia orainn a bheith ag guí agus tugaimid freagra air (*Gaudium et Spes*, 18, *CCC*, 2567).
- Éisteann Dia i gcónaí lenár nguí
- Is é an séipéal teach Dé. Cruinníonn pobal Dé lena chéile ann (*CCC*, 1180; LG, 6; 1 Tim 3:15).
- Cruinníonn clann Dé lena chéile i séipéal an pharóiste le guí agus ceiliúradh a dhéanamh (*CCC*, 1069–71, 2179).
- Áit naofa é an séipéal, téann daoine ann le guí agus le labhairt le Dia (*CCC*, 1181).

**Guí Fhoirmiúil**

- Fíor na Croise
- Glóir don Athair…
- Ár nAthair

</td><td>

**Dínit an Duine**

- Tá grá ag Dia don uile dhuine againn (Iar 31:3; 1 Eoin 4:10- 11; *CSRE*, 3a).
- Duine ar leith mé toisc gur chruthaigh Dia mé
- (*CCC*, 1004; Gein 1:26-7; Salm 137:14).
- Iarrtar orm Dia agus an duine eile a ghrá (Matha 22:36-40).
- Is seoid é/í an uile dhuine i súile Dé (*CCC*, 225, 356–61, 369, 1604, 1700–1, 1944–6, 2319, 2334; *CSRE*, 3a).

</td></tr>
</table>

# Dé Luain: Seirbhís i measc Phobal na gCairde

## Eolas don Oide

Díreoimid ar an gcairdeas agus ar na tréithe a chabhraíonn le gaolta agus le naisc fhiúntacha a chruthú lena chéile trí bhreathnú ar an dea-shampla a thug Íosa dúinn sa soiscéal, maidir leis an gcairdeas.

Bíonn tuiscint níos fearr ag na daltaí maidir le freastal ar phobal an pharóiste nuair a bhíonn an dá bhliain ullmhúcháin do na sacraimintí den Chéad Chomaoin agus de shacraimint an athmhuintearais idir lámha acu. Iarrtar orainn na buanna a bronnadh orainn a roinnt leis an bpobal go forleathan agus cothaíonn guí agus plé sa bhaile agus ar scoil an obair sin.

Foghlaimíonn na daltaí conas doimhneacht a chur leis na gaolta atá eatarthu, leis an ngaol atá acu le Dia agus le pobal an pharóiste nuair a bhíonn siad ag ullmhú do shacraimint an athmhuintearais agus don Chéad Chomaoin.



## Nasc le *I nGrá Dé*

*I nGrá Dé*– Rang 1/Bunscoil 3, téama 2, ceacht 5 and téama 5, ceacht 1–3
*I nGrá Dé*– Rang 2/Bunscoil 4, téama 2, ceacht 4–5 and téama 5, ceacht 1–3

## Briathra An Phápa Proinsias

'Ciallaíonn an cairdeas go dtugaimid go fial dínn féin, ar mhaithe le leas ceart an charad. Déanaimid comhluadar mar chara, tugaimid spreagadh, roinnimid leis an duine eile, agus cabhraímid le forbairt an duine eile, toisc go méadaítear ar ár gcumas féin a bheith ag tabhairt uainn.'

(cf. *Christus Vivit*, 151)

## Nasc leis an Scrioptúr

'Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile.'

(Eoin 13:34-35)



## Smaoinigh

Conas is féidir linn aithris a dhéanamh ar Íosa agus a bheith mar chairde feabhsaithe tríd an dea-shampla a thug Íosa dúinn a leanúint?

Tugann cairde aire dá chéile agus bítear ag faire amach dá chéile. Tugann Íosa go leor samplaí dúinn den chairdeas fíor trí chneasú (Máire, Marta agus Lazaras: Eoin 11:1-44), béilí a roinnt (An Suipéar Déanach: Matha 26:17-30), éisteacht mheasúil a thabhairt (Bean ón tSamáir ag an tobar: Eoin 4:5-30) agus an maithiúnas (Zacháias: Lúcás 19:1-10). Iarrtar orainne mar bhaill na hEaglaise saol cairdiúil a chaitheamh ar an dul céanna.

## Fiosraigh


Léigh an scéal faoi Íosa agus na hiascairí (I nGrá Dé– Rang 1/Bunscoil 3, l. 59) nó scéal Zacháias. (I nGrá Dé– Rang 2/ Bunscoil 4, l. 154–156) Pléigh na ceisteanna thíos:

- Cé hiad na daoine atá sa chur síos seo?
- Cén cumarsáid atá ag Íosa leis na daoine sin?
- Dá mbeifeá féin sa scéal, cén carachtar a bheadh ionat?
- Cad é an ceacht atá le foghlaim ón scéal?
- Conas is féidir linne feabhas a chur orainn féin mar chairde trí aithris a dhéanamh ar Íosa?

## Gníomhaíocht

Bain úsáid as cruth an chroí. Tarraing pictiúr den rud a dhéanfá le bheith mar chara feabhsaithe. Cuir na croíthe uile ón rang le chéile i bhfoirm chroí ollmhór.





**Guí**
**Iomann:** 'Circle of Friends' (*I nGrá Dé– Rang 1/Bunscoil 3*, l. 84; *I nGrá Dé– Rang 2/Bunscoil 4*, l. 44)

Guímis lena chéile chuig Dia ár nAthair: *Ár nAthair …*



# Dé Mairt: Seirbhís i measc Phobal na Scoile

## Eolas don Oide

Is tíolacadh ó Dhia iad na daoine ar scoil, is duine ar leith gach aon duine againn. Beireann gach duine againn tréithe luachmhara ar scoil linn. Nuair a thagaimid ar scoil, baineann buanna, tallanna, ábaltacht éagsúil linn. Is láithreacha na héagsúlachta iad na scoileanna, foghlaimíonn na páistí iontu conas glacadh lena chéile, go mbeadh meas acu ar a chéile, go dtuigfidís an luach a bhaineann leis an duine eile agus leis na difríochtaí a bhaineann linne ar fad. Is cuid de chorp Chríost muid, tá áit ann dúinn nach féidir le duine ar bith eile a líonadh. Rinne Dia muid, gránn sé sinn, thug sé obair le déanamh ar domhan dúinn, a bheith gníomhach anois sa láthair seo. Spreagaimid na daltaí le hómós a thabhairt don éagsúlacht inár measc agus an éagsúlacht sin a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach ar na gníomhaíochtaí agus ar an gcaidreamh sóisialta a tharlaíonn ar scoil.



## Nasc leis an Scrioptúr

Is aonad an corp agus mórán ball ann, ach dá líonmhaire iad na baill ní dhéanann siad uile ach aon chorp amháin. Is é an dála céanna ag Críost é. Is ball luachmhar de chorp Chríost gach duine againn, agus ár ngnó féin le déanamh againn. Ní féidir don chos a rá nach bhfuil aon ghnó aici toisc nach lámh í, bíonn gá leis an gcos agus leis an lámh le hobair éagsúil a dhéanamh. Ní féidir don chluas a rá nach bhfuil aon ghnó aici toisc nach súil í. Bíonn gá le cluas le héisteacht a dhéanamh. Chuir Dia an corp le chéile ar shlí go mbeadh na baill ag déanamh an chúraim chéanna dá chéile. Dá chionn sin, má bhíonn tinneas ar bhall amháin nó má bhaintear é, bíonn na baill go léir i gcomhphian leis. Chaithfí aire cheart a thabhairt don uile chuid den cholainn ionas go mbeidh ar ár gcumas saol iomlán sona a chaitheamh i gcorp sláintiúil.

( In Oiriúint ó 1 Cor 12:12-26)

## Smaoinigh

Bíonn ardmheas ag Dia orainn agus ardmheas againn ar a chéile. Is baill de chorp Chríost an uile dhuine againn, agus ár gcuid oibre ar leith le déanamh againn ar bhealaí éagsúla a gcuireann le fiúntas an phobail. Ba cheart go mbeadh luach ar an éagsúlacht sa rang agus sa scoil ina iomláine, agus go dtuigfimis gur bronntanas ó Dhia í le cabhrú leis an saol agus leis an am i láthair.



## Fiosraigh

Léigh an sliocht a cuireadh in oiriúint ó 1 Corantaigh. Pléigh iad seo:

- Más aon chorp amháin é an rang, cad iad na buanna agus an spéis atá againn i rudaí éagsúla (m.sh. ceol, spórt, léamh, greann, eolaíocht, teangacha, rince, dráma)?
- Cad iad na cultúir agus na náisiúntachtaí atá i láthair? Cad a d'fhoghlaimíomar ó na cultúir agus na náisiúntachtaí éagsúla (m.sh. teanga éagsúil, creidimh éagsúla, eolas faoi thíortha éagsúla)?
- An mbímid ag déileáil i gceart lena chéile i gcónaí?
- An mbímid sona nuair nach mbíonn daoine ag déileáil i gceart lena chéile?
- Cad a tharlaíonn sa scéal má bhíonn tinneas i mball amháin nó má bhaintear é? An dtarlaíonn an rud céanna ar scoil má bhíonn dalta ag fulaingt nó má bhíonn duine gan chara le páirt a ghlacadh sa súgradh?
- Conas is féidir linn an nós seo a athrú?

## Gníomhaíocht

Scríobh athrú amháin a dhéanfadh na daltaí, agus cuir ar taispeáint os comhair chách é.

## Guí

*Fíor na Croise*

Léigh an phaidir seo. An freagra ná: 'Gabhaimid buíochas leat a Dhia, go ndearna tú éagsúil, speisialta muid.'
Chruthaigh Dia muid agus táimid éagsúil ó gach duine eile. *Freagra*.
Bhronn Dia buanna éagsúla orainn agus bíonn caitheamh aimsire éagsúil againn. *Freagra*.
Bhronn Dia cairde orainn atá éagsúil uainn agus is féidir linn foghlaim óna chéile. *Freagra*.
Bhronn Dia teaghlach orainn atá éagsúil ó gach teaghlach eile ionas gur féidir linn forbairt ar ár mbealach féin. *Freagra.*
Bhronn Dia cairde ó thíortha éagsúla orainn ionas gur féidir linn forbairt in éineacht lena chéile. *Freagra*.

**Iomann:** 'Circle of Friends' (*I nGrá Dé– Rang 1/Bunscoil 3*, l. 84; *I nGrá Dé– Rang 2/Bunscoil 4*, l. 44)

*Fíor na Croise*



# Dé Céadaoin: Seirbhís i measc an Teaghlaigh

## Eolas don Oide

Bainimid ar fad le teaghlach de shórt éigin. Is den teaghlach muid, forbraímid mar bhaill den teaghlach sin, bíonn taithí éagsúil againn leis an bpearsanra agus leis na glúine éagsúla. Beidh na baill éagsúla den teaghlach ar bhronn Dia orainn mar thíolacadh iad, á gceiliúradh againn inniu, agus na seantuismitheoirí agus a nglúin siúd ach go háirithe. Gabhaimid buíochas le Dia as tíolacadh na seantuismitheoirí. Iarraimid ar Dhia iad a bheannú sa ról atá acu, agus sa bhealach ina dtugann siad an creideamh ar aghaidh dúinne ach go háirithe.



## Briathra An Phápa Proinsias

Tá muinín ag an Tiarna go dtuigfidh an t-aos óg, tríd an ngaol a chothaíonn siad leis an nglúin aosta, gur grásta é go mbaineann siad le stair chuimsitheach, agus go n-iarrtar orthu na cuimhní sin a chaomhnú. Nuair a bhíonn na daoine óga cairdiúil le duine aosta, bíonn radharc níos leithne acu ar an saol, seachas a cheapadh go bhfuil an saol faoi láthair ag brath orthu féin agus ar a gcuid buanna féin. Tugann cairdeas leis an duine óg dóchas do na daoine aosta nach ndéanfar dearmad ar an taithí shaoil a bhain leo, agus go bhfuil seans ann go gcuirfear a mianta féin i bhfeidhm. Thug Muire cuairt ar Eiliosaibeit agus chonacthas dóibh go dtagann trócaire Dé anuas orainn ó ghlúin go glúin agus nach féidir linn a bheith slán, nó bogadh ar aghaidh as ár stuaim féin. Baineann láithreacht Dé inár measc, agus a chuid gníomhartha le saol fairsing, le stair phobail Dé.

(Teachtaireacht do Lá Domhanda na Seantuismitheoirí
is na nDaoine Aosta 2023)

## Nasc leis an Scrioptúr

'Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile.'

(Eoin 13:34-35)

## Smaoinigh

Tíolacadh ó Dhia iad na seantuismitheoirí i saol na bpáistí. Míníonn siad dúinn conas aire a thabhairt dá chéile agus sult a bhaint as an saol. Is breá leo cur síos a chloisteáil faoi lá scoile na bpáistí, faoin gcaitheamh aimsire agus faoin taithí a bhíonn acu. Bíonn cuid mhaith eolais cruinnithe ón saol acu, agus bíonn go leor le foghlaim againne uathu.

## Fiosraigh

Pléigh na glúine éagsúla: paistí, tuismitheoirí, seantuismitheoirí, sin-seantuismitheoirí. Spreag na daltaí le cur síos ar an am a roinn na seantuismitheoirí cuimhne speisialta óna saol féin leo. Scríobh tuairisc faoi, nó déan pictiúr le roinnt leis an seantuismitheoir.

## Gníomhaíocht

Cuir agallamh ar sheantuismitheoirí (tabhair cuireadh isteach dóibh). Iarr orthu labhairt faoin scolaíocht agus faoi na cuimhní atá acu maidir leis an óige shona a chaitheadar. Má tharlaíonn an t-agallamh le rang a dó, iarr orthu labhairt faoin Chéad Chomaoin agus faoin lá mór a bhí acu.

## Cárta Urnaí

Maisigh an cárta agus tarraing portráid den seantuismitheoir taobh istigh.

**A Dhia ár nAthair, Beannaigh na seantuismitheoirí.**
**Deonaigh go dtuigfidh siad go ngránn tusa iad nuair a thugann siad an grá, an lúcháir is an dóchas isteach inár saol.**
**Bronn gach a mbeadh uathu in aghaidh an lae orthu.**

**Amen.**



# Déardaoin: Seirbhís i measc an Phobhail Áitiúil

## Eolas don Oide

Tá an fhreagracht orainne aire a thabhairt don domhan coiteann agus do gach uile rud a chónaíonn ann. Bhronn Dia áilleacht agus acmhainn an nádúr orainn. Iarrtar orainn maireachtáil go síochánta le gach neach beo, agus aire ar leith a thabhairt do gach aicme leochaileach. Tá lámh againne i gcruthaitheacht Dé agus caithfear rudaí a chaomhnú de réir na timpeallachta nádúrtha atá acu, le go leanfaidh gach speiceas. Cé gur rugadh Naomh Proinsias sa dara haois déag, tá moladh aige dúinne, agus an dea-shampla atá ábhartha go dtí an lá atá inniu ann.



## Briathra An Phápa Proinsias

Nuair a bunaíodh an domhan, ar bhealach a rinne aithris ar shaol na Tríonóide Ró-Naofa, mogalra de ghaolta ceangailte lena chéile a bhí i gceist. Bíonn luí ag gach aon chréatúir le Dia, agus lena chéile ar bhealach eile. Dá bhrí sin bíonn iliomad samplaí de ghaolta agus de naisc ar domhan, cuid acu atá soiléir, agus cuid acu ceangailte faoi rún. Is rud iontach an t-idirspleáchas, an bhaint agus an caidreamh seo, agus tugann sé leid dúinn maidir lenár saol féin a thabhairt chun foirfeachta. Aibíonn daoine i gceart agus beannaítear iad de réir na ngaolta a bhíonn acu le daoine eile. Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Ar scáth Dé a mhaireann muid. Ar scáth an nádúir a mhaireann muid. Braitheann na trí ghné sin den saol ar a chéile le beatha fhiúntach fhuinniúil a chaitheamh, díreach mar a bhí beartaithe ag Dia dúinn. Baineann an nascacht leis an uile ghné den saol. Ba cheart go spreagfadh an t-eolas seo muid le spioradáltacht a chothú a bheadh bunaithe ar an dlúthpháirtíocht dhomhanda a eascraíonn ó rúndiamhair na Tríonóide.

(*Laudato Si'*, 240)

## Nasc le *I nGrá Dé*

*I nGrá Dé– Rang 1/Bunscoil 3*, téama 9, ceacht 1
*I nGrá Dé– Rang 2/Bunscoil 4*, téama 9, ceacht 1



## Smaoinigh

Bhí bá ghaoil ag Naomh Proinsias Assisi leis an saol nádúrtha agus chaomhnaigh sé é, mar íomhá Dé. Ba iad ainmhithe agus neacha an domhain a dheirfiúracha agus a dheartháireacha. Tá muinín ag Dia asainne anois mar airígh an nádúir.



### Naomh Proinsias Assisi (1181–1226)

Rugadh Naomh Proinsias in Assisi na hIodáile sa bhliain 1181. Tugadh Giovanni di Pietro di Bernardone air. Chuaigh sé san arm nuair a chríochnaigh sé ar scoil, agus throid sé sa chogadh inar gabhadh mar phríosúnach é. D'fhill sé ar Assisi nuair a scaoileadh saor é, agus chaith sé roinnt ama ag guí chun Dé. Mhothaigh sé go raibh Dia ag cur glao air, gach nach raibh uaidh go fíor, a thabhairt suas. Bhunaigh sé ord na bProinsiasach leis an soiscéal a chraobhscaoileadh. Sa bhliain 1223 bhunaigh sé an chéad 'Mainséar na Nollag' i nGreccio na hIodáile. Is eisean an t-éarlamh ar na hainmhithe agus ar an timpeallacht.

## Fiosraigh

### Mitzi agus Pádraig

Brocaire beag álainn dúchrón is ea Mitzi, agus is aoibhinn léi teacht agus imeacht trí chomhla mhadra an tí. Ritheann sí i ndiaidh na n-éan a bhíonn ar an bhfaiche, bagraíonn sí ar an gcat a bhíonn ag siosadh agus ag magadh fúithi ó bharr an bhalla. Is breá léi rolladh sa láib. Uaireanta beireann sí an pluda léi isteach sa teach.

Tá Pádraig, atá naoi mbliana d'aois, freagrach chomh maith le daoine eile, as aire a thabhairt do Mitzi. Glaonn Pádraig uirthi teacht isteach agus na cnónna tirime is ansa léi a ithe, sula gcuireann Mamaí a dhinnéar féin ar an mbord. Beireann sé barróg mhór ar Mitzi agus suaimhníonn í ar an mbealach chuig an mbabhla. Léimeann Mitzi in airde go sásta, ag cneadach agus ag rá 'heileó' le Pádraig sula n-itheann sí a cuid bia go craosach.

Nuair a bhíonn an dinnéar ite, glaonn Pádraig agus Mamó ar Mitzi le dul ag siúl. Cuirtear iall ar an gcoiléar ionas gur féidir leo siúl in éineacht lena chéile. Tarraingíonn Mitzi go láidir ar an iall, agus bíonn sí ag sciurdadh thart toisc gur breá léi dul ag siúl ar an mbán le Pádraig agus le Mamó.



Léigh scéal Mitzi agus Pádraig agus pléigh an scéal agus na ceisteanna thíos:

- Cad a dhéanann Pádraig le haire a thabhairt do Mitzi? Madra sona í Mitzi, is cosúil. Cad a dhéanann sona í?

Iarr ar na daltaí labhairt faoi pheataí agus pléigh an aire a thugann siad dóibh.
- An bhfuil peataí agaibh? Cad iad na peataí atá agaibh?
- Conas mar a dtugtar aire do pheataí (cothú, glanadh, aclaíocht, am a chaitheamh leo)?
- Cad iad na rudaí atá le plé sula bhfaightear peata (spás, am, airgead le haire a thabhairt)?

**Gníomhaíocht**
Tarraing pictiúr den pheata agus den bhealach ina dtugtar aire dó/di.

**Guí**
*Fíor na Croise*

Léann an t-oide líne amháin ag an am agus déanann na daltaí athrá air.

A Dhia ár nAthair an Cruthaitheoir,
Gabhaimid buíochas leat as bronntanas na bpeataí is na n-ainmhithe.
Gabhaimid buíochas leat as an gcairdeas agus as an spraoi a roinnimid lena chéile.
Cabhraigh linn aire a thabhairt do na peataí agus do na hainmhithe mar a rinne Naomh Proinsias é.
Cabhraigh linn a bheith cineálta leis na hainmhithe agus déileáil i gceart leo i gcónaí.
Amen.

*Fíor na Croise*



# Dé hAoine: Seirbhís i measc an Phobhail Creidimh

## Eolas don Oide

Tá an bhliain seo tiomanta do ghuí ar son daoine a bheadh sásta dul le sagartacht, nó a bheith mar bhaill d'ord rialta. Cuireann Dia glao chun na sagartachta ar fhir ionas go bhféadfaidís na sacraimintí a cheiliúradh linne. Cuireann Dia glao ar fhir agus ar mhná a bheadh mar bhráithre agus mar shiúracha ag paidreoireacht ar ár son, agus a chaithfeadh an saol ag freastal ar na daoine leis na riachtanais is mó.

Iarrann Dia orainne an saol a chaitheamh ar bhealach áirithe nuair a bhronnann sé buanna ar leith orainn. Cé go dtreoraíonn sé ar an aistear beatha muid, tugtar roghanna dúinn, agus bíonn comhairle le fáil má bhíonn ár gcroí oscailte i gceart do Dhia. Cabhraíonn an ghuí linn, comhairle ó na daoine sin a mbíonn muinín againn iontu, an taithí éagsúil saoil a bheadh ann, agus tríd an dea-shampla a  fhaighimid ó na sagairt agus ó bhaill na n-ord rialta.

## Briathra an Phápa Proinsias

Ecclesia í an Eaglais. Sin focal ón nGréigis a chiallaíonn go nglaoitear ar shlua daoine teacht le chéile mar chomhluadar de lucht leanúna Íosa Críost. An misean a gcuirtear rompu ná an grá a roinnt ina measc féin, (cf. Eoin 13:34; 15:12) agus an grá sin a scaipeadh agus a bhronnadh ar chách ionas go gcuirfear Ríocht Dé i bhfeidhm.

Mar bhaill na hEaglaise, is freastalaithe muid ar fad, de réir an ghlao, nó an mhinistreacht, nó an ghrásta a tugadh dúinn. Cuirtear an glao orainne ar fad a bheith ag tabhairt go grámhar agus déantar a leithéid i measc na dtuataí nuair a thógann siad an chlann mar Eaglais an Tinteáin agus nuair a oibríonn siad le luachanna an tsoiscéil a chur i bhfeidhm i measc an phobail. Maidir le baill na n-ord rialta atá tiomanta go hiomlán do Dhia ar mhaithe le freastal ar an saol mar thuar faoin tairngreacht a bhaineann le Ríocht Dé, na ministrí oirnithe – deagánaigh, sagairt agus easpaig, déanann siad an tseanmóireacht, na sacraimintí a cheiliúradh agus an urnaí is gá le beatha phobal Dé a chothú. Ní bhíonn aon aicme amháin de na daoine seo ag feidhmiú as a stuaim féin, is i gcomhar lena chéile a dtugtar saibhreas agus nádúr na hEaglaise faoi deara. Bíonn an eaglais ar nós an tsiansa, bíonn a pháirt féin ag gach aon aicme, ach is i dteannta a chéile agus ag réiteach lena chéile a rachaimid ar aghaidh le beatha nua Ríocht ghrámhar Dé a bhunú ar domhan.

(Teachtaireacht do Lá Domhanda na hUrnaí ar son glaonna chun na beatha reiligiúnaí 2023)



**Nasc leis an scrioptúr**
Dia ár nAthair: 'Roimh thúsú an domhain roghnaigh sé sinn i gCríost chun bheith naofa gan locht os a chomhair. Le barr grá dúinn leag sé amach ó thús de réir mhian a thola féin go mbeimisne inár gclann aige trí Íosa Críost.'

(Eif 1:4-5)

**Smaoinigh**
Cad is sagart ann, agus cad a dhéanann an sagart?

**Fiosraigh**
Tabhair cuireadh don sagart, do bhean rialta nó do bhráthair teacht chun na scoile, nó téigh ar cuairt chuig an sagart. D'fhéadfaí ceisteanna a lorg ó na daltaí roimh ré agus abair na ceisteanna sin leis an sagart, siúr nó bráthair roimh am na cuairte. Tá ceisteanna samplacha anseo:

Ceisteanna le cur ar an sagart:

- Cén fáth gur roghnaigh tú a bheith i do shagart? Conas mar a nocht Dia a bhealach duit?
- Cé hiad na daoine a chabhraigh leat an cinneadh a dhéanamh?
- Conas mar a rinneadh sagart díot? Cad a tharla ag an oirniú?
- Cad is féidir le sagart a dhéanamh nach féidir le tuata a dhéanamh?
- Cad iad na rudaí a thaitníonn leat faoin tsagartacht?
- Cé hiad na daoine a ndéanfaí sagairt díobh?
- Conas mar a mhothaíonn tú nuair a ghuíonn tú chun Dé?

Ceisteanna le cur ar an tsiúr nó ar an mbráthair:

- Cén fáth gur roghnaigh tú a bheith i do shiúr/bhráthair? Conas mar a nocht Dia a bhealach duit?
- Cé hiad na daoine a chabhraigh leat an cinneadh a dhéanamh?
- Conas mar a rinneadh siúr/bráthair díot? Cad a tharla ag glacadh na móideanna?
- Cén áit ina mbíonn tú ag obair agus i do chónaí?
- Cad iad na rudaí a thaitníonn leat faoi bheith mar shiúr/bhráthair?
- Cé hiad na daoine a ndéanfaí siúr/bráthair díobh?
- Conas mar a mhothaíonn tú nuair a labhraíonn tú/guíonn tú chun Dé?



**Gníomhaíocht**

D'aithin an sagart/siúr/bráthair na buanna a bhí acu, agus d'úsáideadar iad le gairm cheart bheatha a roghnú dóibh féin. Bíonn deis againne na buanna atá againn a aithint, agus iad a úsáid lenár mbealach féin a dhéanamh sa saol. Má thuigeann tú na himeachtaí a thaitníonn leat, agus na bealaí ina n-éiríonn go maith leat, cuirfidh tú aithne ar na buanna atá agat. Cad iad na buanna atá agat? Tarraing nó scríobh na buanna atá agat sna boscaí thíos.







**Bhronn Dia go leor buanna orm. Gabhaim buíochas le Dia astu. Déanfaidh mé gach iarracht iad a úsáid i gceart.**

